AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA, PRÍOMHOIDÍ AGUS FOIRNE TEAGAISC I mBUNSCOILEANNA

Socruithe soláthar foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2017/18

Réamhrá

Is éard is cuspóir leis an gciorclán seo an lucht bainistíochta agus an fhoirean go léir sna bunscoileanna a chur ar an eolas faoi na socruithe soláthar foirne atá ann do bhunscoileanna don scoilbhliain 2017/18.

Braitheann leithdháileadh na bpost teagaisc ar scoileanna ar chomhlíonadh na socruithe ath-imlonnaithe atá i bhfeidhm don scoilbhliain 2017/18.

Is é ath-imlonnú na mbuanmhúinteoirí/na múinteoirí le CID an mheicníocht a úsáidtear chun poist teagaisc a líonadh. Tá sé an-tábhachtach maidir le cumas na Roinne chun feidhmiú laistigh dá buiséad párolla agus laistigh den teorainn um líon múinteoirí. **Ní bheidh cead ag Boird Bhainistíochta tús a chur le próiseas earcaíochta chun folúntas teagaisc a líonadh go dtí go mbeidh an Roinn sásta nach bhfuil aon fholúntais ag teastáil chun aon bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí le CID breise a ath-imlonnú.**

Is iad na heochairphointí atá le tabhairt faoi deara:

- **Ceanglaítear leis an tsamhil nua um Leithdháileadh don Teagasc san Oideachas Speisialta, (ciorclán 0013/2017) an GAM/EAL agus na leithdháiltí teagaisc Acmhainne, agus na poist á leithdháileadh faoin tsamhail nua dá dtagraítear mar phoist Teagaisc Oideachais Speisialta.**
- **Tiocfaidh gach cnuasaigh GAM/EAL reatha agus aon socruithe comhroinnte le poist Acmhainne buana nó sealadacha chun críche ag deireadh na scoilbhliana 2016/17.**

- Is é **Déardaoin, 30 Márta 2017** an t-eochairdháta do scoileanna chun:
  - Fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil ábhartha faoi aon bhuanfholúntas nó faoi aon fholúntas ar théarma seasta
  - Fógra a thabhairt do Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne faoi chnuas-socruithe nua d'Oidí Oideachais Speisialta, ach leas a bhaint as an bhFoirm S.E.T.Cnuasach2017 (Aguisín D)
  - Seol ar ais An Fhoirm Iarratais don Phríomhphainéal Ath-imlonnaithe (Aguisín E) i gcomhair buanmhúinteoirí/múinteoirí CID breise chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne
  - Seol ar ais "Foirm Dhearbhaithe CID Márta 17" (Aguisín G) i ndáil le gach múinteoir a fuair CID sa scoilbhliain 2016/17 agus Foirm Iarratais Phríomhphainéil, más infheidhmithe, chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne
  - Taisc Foirm Achomhairc um Sholáthar Foirne (Aguisín F) chomhlánaithe do chruinniú Aibreán 2017 de Bhord Achomhairc um Sholáthar Foirne Bunscoile chuig Rannóg um Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne

- Foilseofar na Príomhphainéil Ath-imlonnaithe ag deireadh Aibreáin 2017 le tráthlíne síos chuig lár na Bealtaine 2017 do scoileanna chun oidí a cheapadh ó na painéil chuig folúntais

Ábhair an Chiorcláin

Is é seo a leanas struchtúr an chiorcláin seo agus tugtar an fhaisnéis seo a leanas ann:

Cuid 1: Socruithe soláthar foirne don scoilbhliain 2017/18

Cuid 2: Sonraí cúlra faoin na socruithe soláthar foirne don scoilbhliain 2017/18

Cuid 3: Socruithe Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2017/18

Cuid 4: **P**róiseas Achomharc um Sholáthar Foirne Bunscoile don scoilbhliain 2017/18

Aguisín A: Táblaí sceideal Foirne Bunscoile don scoilbhliain 2017/18

Aguisín B: Tairseacha rollaithe do phost an Phríomhoide Riaracháin agus an Leas-Phríomhoide Riaracháindon scoilbhliain 2017/18

Aguisín C: Liosta nuashonraithe de na scoileanna uile, ina léirítear na sonraí leithdháiltí seo a leanas don scoilbhliain 2017/18

- Poist Lánaimseartha agus uaireanta páirtaimseartha i ngach aon scoil faoi leithdháileadh do Mhúinteoir Oideachais Speisialta
- Leithdháileadh EAL Buan do Scoileanna le líon mór daltaí óna dteastaíonn tacaíocht teanga acu

Aguisín D: Foirm S.E.T.Cnuasach2017- Fógra de phoist nuachnuasaithe Múinteoirí Oideachais Speisialta don scoilbhliain 2017/18

Aguisín E: Foirm Iarratais do Rochtain Buanmhúinteoirí/Múinteoirí le CID ar an bPríomhphainéal Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2017/18 - Foirm Iarratais do Phríomh-Phainéal Ath-Imlonnaithe

Aguisín F: Iarratas chuig an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal don Scoilbhliain 2017/18

Aguisín G: "Foirm Dhearbhaithe CID Márta 17" i ndáil le gach múinteoir dár tugadh CID don scoilbhliain 2016/17

Aguisín H: Foirm CIDApp (17/18) – Iarratas ar cheadú na Roinne do thabhairt Conartha Tréimhse Éiginnte (CID) do mhúinetoier sa scoilbhliain 2017/18 de réir téarmaí an Chiorcláin 0023/2015

Tuilleadh faisnéise/Ceisteanna Coitianta (CC)

Is ar láithreán gréasáin na Roinne a fhoilseofar aon fhaisnéis breise faoin bpróiseas leithdháilte múinteoirí agus nuashonruithe rialta freisin faoin dul chun cinn um ghlanadh na bpainéál ath-imlonnaithe.

D'fhoilsigh an Roinn freisin cáipéis **CC** (Ceisteanna Coitianta) um Shocruithe Ath-imlonnaithe ag an mBunleibhéal do Bhuanmhúinteoirí agus do Mhúinteoirí CID Breise tríd an bPríomhphainéal agus **cáipéis Ceisteanna Coitianta ar Chiorclán 0017/2017** um Shocruithe Soláthar Foirne i mBunscoileanna don Scoilbhliain 2017/18.

Fiosruithe

Má bhíonn fiosruithe agat tar éis duit an ciorclán seo agus cáipéisí CC gaolmhara a léamh i ndáil leis an leithdháileadh soláthar foirne do scoilse, féadfaidh tú na fiosruithe a sheoladh i ríomhphost chuig primaryallocations@education.gov.ie. Áirítear uimhir rollaithe na scoile agus ainm na scoile sa líne ábhair le haon fhiosrú ríomhphoist.

Paraic Joyce
Príomhoifigeach
An Rannóg Leithdháiltí Múinteora

Márta 2017

Eochairdhátaí & Foirmeacha do Scoileanna maidir leis an bPróiseas um Leithdháileadh agus Ath-imlonnú Múinteoirí 2017/18

Eochairghníomh	Foirm le Comhlánú agus le Seoladh ar ais chuig Leithdháiltí Bunscoile	Dáta le gníomh a chur i gcrích
Cumasaíonn na táblaí rollaithe don sceideal soláthar foirne ag **Aguisín A** scoileanna a leibhéil soláthar foirne príomhshrutha a cheadú don scoilbhliain 2017/18 Cumasaíonn na tairseacha rollaithe in **Aguisín B** scoileanna chun ceadú má bhíonn siad i dteideal stádais Phríomhoide Riaracháin agus/nó Leas-Phríomhoide Riaracháin.		Láithreach
Ní mór do scoileanna fógra a thabhairt dá nOibreoir Painéil iomchuí (m.sh. Rúnaí Deoise srl.) faoi aon bhuanfholúntas agus faoi aon fholúntas ar théarma seasta atá le teacht chun cinn mar iarmhairt ar an sceideal soláthar foirne nó fáth ar bith eile atá ar eolas ag an tráth sin. Ba chóir do mhúinteoirí a bhfuil sé ar intinn acu dul ar scor an 31 Lúnasa 2017 nó roimhe sin fógra a thabhairt dá mBord Bainistíochta.		30 Márta 2017
Ní mór do scoileanna fógra a thabhairt don Oibreoir Painéil iomchuí (m.sh. Rúnaí Deoise srl.) faoi aon bhuanfholúntas agus folúntas ar théarma seasta laistigh de 5 lá oibre tar éis don Chathaoirleach nó don Phríomhoide teacht ar eolas faoin bhfolúntas sin.		Laistigh de 5 lá oibre tar éis don Chathaoirleach nó don Phríomhoide eolas a fháil faoi
Tiocfaidh gach cnuasach GAM/EAL reatha agus aon socruithe comhroinnte le bonnphoist acmhainne buana chun críche ag deireadh na scoilbhliana 2016/17. Is in Aguisín C a leagtar amach na leithdháiltí de Mhúinteoirí Oideachais Speisialta. Tásctar leis an leithdháileadh sin líon na bpost S.E.T. lánaimseartha agus páirtaimseartha sa scoil. Is féidir leis na scoileann uaireanta S.E.T. a chnuasach i bpoist nua buana lánaimseartha (25 uair) comhroinnte le scoileanna comharsanacha	Aguisín D: Foirm Chnuasach S.E.T. 2017	30 Márta 2017
Ba cheart do scoileanna le múinteoirí buana/le CID farasbairr a shocrú go gcuirfí an/na P(h)ríomh -fhoirm(-eacha) Iarratais don Phainéal Ath-imlonnaithe c(h)omhlánaithe ar ais chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne.	Aguisín E: Foirm MPF	30 Márta 2017
Ní mór do scoileanna "Foirm Dhearbhaithe CID Márta 17" a sheoladh ar ais chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne le cur in iúl don Roinn faoi aon mhúinteoir a fuair CID sa scoilbhliain 2016/17 faoi théarma Chuid A1 nó A2 dde Chiorclán 0023/2015.	Aguisín G: Foirm Dhearbhaithe CID Márta 17	30 Márta 2017
Beidh an Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag reáchtáil a chuid cruinnithe i mí Aibreáin, na Bealtaine agus Dheireadh Fómhair 2017. Tionólfar an chéad chruinniú i mí Aibreáin 2017.	Aguisín F: Iarratas chun Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal don scoilbhliain 2017/18	30 Márta 2017
Tá faoin Roinn na painéil ath-imlonnaithe a fhoilsiú faoi dheireadh mhí Aibreáin 2017.		deireadh mhí Aibreáin 2017

An dáta deireanach ar féidir le scoileanna iarratas a chur isteach ar pho(i)st forbraíochta bunaithe ar na rolluithe réamh-mheasta a bheidh acu i mí Mheán Fómhair 2017.		30 Márta 2017
Beidh go dtí lár mhí na Bealtaine ag scoileanna lena bhfolúntais a líonadh ó na Príomhphainéil Ath-imlonnaithe. Ina dhiaidh sin, ceapfar Oifigigh Phainéil chun ath-imlonnú aon bhuanmhúinteoirí/múinteoirí CID breise a éascú.		Lár mhí na Bealtaine Tabharfar comhairle i leith an dáta nuair a fhoilsítear painéil ath-imlonnaithe
Ní mór do scoileanna iarratas a chur chuig an Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí chun ceadú na Roinne a fháil le haghaidh aon Chonradh Tréimhse Éiginnte atá i gceist acu a bhronnadh ó thús na scoilbhliana **2017/18** faoi Chuid A1 nó A2 de Chiorclán 0023/2015.	Aguisín H: Foirm CIDApp (17/18)	30 Márta 2017

Cuid 1

Socruithe soláthar foirne don scoilbhliain 2017/18

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe de na socruithe soláthar foirne a bheidh i bhfeidhm i mbunscoileanna don scoilbhliain 2017/18:

1. Poist Teagaisc sa Seomra Ranga Príomhshrutha

Feidhmíonn an sceideal soláthar foirne bunscoile ar bhonn an mheáin ghinearálta de 1 múinteoir seomra ranga amháin le haghaidh 27 dalta. Beidh tairseacha níos ísle i bhfeidhm le haghaidh scoileanna DEIS Banda 1.

Tá na táblaí rollaithe le haghaidh fheidhmiú an sceidil soláthar foirne don scoilbhliain 2017/18 liostaithe ag **Aguisín A** den Chiorclán seo. Cumasaítear scoileanna leis sin anois chun ceadú **na leibhéal soláthar foirne príomhshrutha a bheidh acu don scoilbhliain 2017/18.**

Áirítear leis na táblaí rollaithe atá le fáil ag Aguisín A na **sceidil soláthar foirne do scoileanna DEIS Bhanda Uirbeach 1.**

Is le haghaidh ranganna príomhshrutha amháin atá poist a leithdháiltear bunaithe ar an sceideal soláthar foirne agus ba chóir iad a imlonnú dá réir sin. Iarrtar ar údaráis scoile chun a chinntiú go gcoinneofar an líon daltaí in aon rang amháin chomh híseal agus is féidir, agus na tosca comhthéacsúla ábhartha go léir á gcur san áireamh (m.sh. cóiríocht seomra ranga, rollú athraitheach srl.). Mar sin féin, ba chóir d'údaráis scoile leas a bhaint, nuair is féidir, as an bhféinriail atá acu faoin sceideal soláthar foirne chun méideanna laghdaith ranga a chur i bhfeidhm le haghaidh ranganna sóisearacha. Ba chóir go gcuirfeadh scoileanna Ingearacha Uirbeacha DEIS Bhanda 1 an cóimheas 20:1 molta chun feidhme ag an leibhéal sóisearach agus 24:1 ag leibhéal sinsearach.

2. Príomhoide Riaracháin agus Leas-Phríomhoide Riaracháin

Tá na critéir maidir le ceapadh **Phríomhoidí Riaracháin agus Leasphríomhoidí Riaracháin** bunaithe ar an líon daltaí atá sa scoil.

Imlínítear na tairseacha rollaithe ábhartha in **Aguisín B** den Chiorclán seo.

3. Critéir do Scoileanna i mBéal Forbartha don Scoilbhliain 2017/18

Sainmhínítear scoil i mbéal forbartha mar scoil a réamh-mheastar go mbeidh a rollú an 30 Meán Fómhair 2017 níos airde ná a rollú an 30 Meán Fómhair 2016:

i) faoi íosmhéadú uimhriúil (arna shonrú ag (a) agus (b) thíos)

agus

ii) trí líon sonraithe de 5 daltaí breise a bheith aici thar an líon riachtanach do cheapachán

Sa chás go bhfuil scoil ag méadú líon na ranganna iontrála atá aici – rud a ghinfeadh sruth nua – ní mór don scoil cead don mhéadú sin a bheith faighte aici roimh ré ó phátrún na scoile agus ó Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne.

(a) I gcás bunscoileanna a bhfuil Príomhoide amháin móide 6 Múinteoirí Ranga Príomhshrutha nó níos lú mar fhoireann acu don scoilbhliain 2017/18,is é an t-íosmhéadú uimhriúil ar an bhfigiúr rollaithe don 30 Meán Fómhair 2016 dá dtagraítear in (i) thuas ná 15 dalta. Ní mór meánmhéid ranga sa bhreis ar 27 dalta a bheith i bhfeidhm freisin maidir leis na scoileanna sin atá ag lorg poist faoin gcritéar sin (féach na heisceachtaí thíos). Ríomhtar sin tríd an líon post príomhshrutha a réamh-mheastar don scoilbhliain 2017/18 (seachas poist forbraíochta) a chur i bhfeidhm maidir leis an líon daltaí a réamh-mheastar chun bheith rollaithe i mí Mheán Fómhair 2017.

(b) Maidir leis na bunscoileanna le soláthar foirne de Phríomhoide móide 7 Múinteoirí Ranga Príomhshrutha nó níos mó don scoilbhliain 2017/18 bunaithe ar an sceideal soláthar foirne, is ionann an t-íosmhéadú uimhriúil sa rollú le hais rollú 30 Meán Fómhair 2016 dá dtagraítear ag (i) thuas agus 25 dalta.

Ní mór do scoileanna cáiliú faoin dá chritéar in (i) agus (ii) thuas agus, i gcás scoileanna den sórt sin, d'fhéadfaí go gceadófaí buanph(i)ost b(h)reise go sealadach ar feitheamh deimhniú an rollaithe bhailí an 30 Meán Fómhair 2017. Déanfar an soláthar foirne a leasú i bhfianaise na rolluithe bailí iarbhír an 30 Meán Fómhair 2017.

Rachaidh an Roinn i dteagmháil leis na scoileanna úd dár leithdháileadh po(i)st forbraíochta sa chéad seachtain de Mheán Fómhair chun rolluithe a dheimhniú ag an tráth úd.

Tá dhá eisceacht ann:

1. Scoileanna i mbéal forbartha atá ag iarraidh go gceapfar an dara múinteoir ranga príomhshrutha (P+2)

I gcásanna den sórt sin, na scoileanna a réamh-mheasann go mbeidh íosmhéadú uimhriúil 15 dalta acu an 30 Meán Fómhair 2017 sa bhreis ar an bhfigiúr rollaithe an 30 Meán Fómhair 2016; ní gá dóibh an líon sonraithe de 5 daltaí breise ar an bhfigiúr ceapacháin ná an mheánmhéid shonraithe ranga a chomhlíonadh. Mar sin féin, ní mór an t-íosrollú réamh-mheasta 55 dalta a bhaint amach ar mhaithe leis an dara múinteoir ranga príomhshrutha a fháil ar fhorais scoile i mbéal forbartha don scoilbhliain 2017/18.

2. Scoileanna atá ag iarraidh go gceapfar níos mó ná post amháin i scoil i mbéal forbartha

I gcásanna den sórt sin, ní mór do scoileanna an ceanglas a bhaineann le híosmhéadú uimhriúil agus an líon sonraithe de 5 daltaí breise a chomhlíonadh, sa bhreis ar an bhfigiúr ceapacháin don chéad phost i scoil i mbéal forbartha. I gcás gach post a iarrfar ina dhiaidh sin, ní mór an líon sonraithe de 5 daltaí breise ar an bhfigiúr ceapacháin a chomhlíonadh.

Ba chóir do scoileanna foirm iarratais chomhlánaithe ar pho(i)st b(h)reise teagaisc ar fhorais scoile i mbéal forbartha a sheoladh chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne, primaryallocations@education.gov.ie , an nó roimh **30 Márta 2017**.

Cé go ndéanfar breithniú ar iarratais mhalla freisin, moltar do scoileanna a chinntiú go mbeidh a n-iarratais seolta chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne, an **30 Márta 2017** nó níos déanaí.

Agus acmhainní breise á lorg acu ón Roinn ar fhorais scoile i mbéal forbartha, meabhraítear do scoileanna go bhfuil sé an-tábhachtach gur réadúil atá an rollú réamh-mheasta a thugtar. Más rud é nach bhfuil an rollú réamh-mheasta bainte amach an 30 Meán Fómhair 2017, déanfar líon foirne na scoile a laghdú dá réir sin.

4. Scoileanna Oileánda

Scoileanna Oileánda le Múinteoir Amháin (i.e. Príomhoide amháin)
Faoi mar a fógraíodh i gCáinaisnéis 2017, sa chás gurb í an bhunscoil an t-aon scoil ar an oileán, is amhlaidh a leithdháilfear an dara múinteoir príomhshrutha don scoil le héifeacht ó Mheán Fómhair 2017. Déanfaidh an Roinn teagmháil go díreach leis na scoileanna ábhartha.

Scoileanna Oileánda le Triúr Múinteoirí (i.e. PO+2)
Sa chás go gcaillfear an tríú post ranga i scoil oileánda ó laghdú i líon na ndaltaí, is féidir an tríú post a choinneáil, faoi réir líon iomlán na ndaltaí sa scoil bheith os cionn 45, agus gurb í an scoil an t-aon bhunscoil ar an oileán.

5. Poist do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta (Poist S.E.T.)

Foilsíodh leithdháileadh múinteoireachta Oideachais Speisialta do gach scoile ar láithreán gréasáin an NCSE 06 Márta 2017.

Tabhair faoi deara: Ceanglaítear leis an tsamhail nua um Leithdháileadh don Teagasc san Oideachas Speisialta, (ciorclán 0013/2017) an GAM/EAL agus na leithdháiltí teagaisc Acmhainne, agus na poist á leithdháileadh faoin tsamhail nua dá dtagraítear mar phoist Teagaisc Oideachais Speisialta (S.E.T.).
Tiocfaidh gach cnuasach GAM/EAL atá i bhfeidhm don scoilbhliain 2016/17 agus aon socruithe comhroinnte do phoist Acmhainne buana agus sealadacha chun críche ag deireadh na scoilbhliana 2016/17.

Leagtar amach in Aguisín C den chiorclán seo leithdháileadh múinteoireachta san oideachas speisialta i leith na n-uaireanta arna bhfógairt do gach scoil ag an NCSE.

Taispeántar na huaireanta sin mar phoist lánaimseartha (ar bhunús 25 uair bheith comhionann le 1 post múinteoireachta) agus comhardú na n-uaireanta agus na nóiméad

do gach aon scoil. Tá na huaireanta agus na nóiméid ar fáil anois lena gcur i gcnuasaigh i bpoist S.E.T. buana lánaimseartha nua (25 uair).
Mar shampla: 35 uair = 1 post amháin agus 10 n-uaire

Tugtar achoimre i gCiorclán 0013/2017 nach laghdófar an leithdháileadh Oideachais Speisialta ó leithdháileadh comhcheangailte GAM/EAL agus acmhainní don scoilbhliain 2016/17.
De bharr gur leithdháileadh foriomlán atá sa leithdháileadh ámh seachas leithdháiltí GAM/EAL agus acmhainní ar leithligh, d'fhéadfadh athrú bheith i líon na bpost sa scoil. Ba cheart go rachadh na scoileanna i gcomhairle le hAguisín C chun líon na bpost S.E.T. lánaimseartha agus comhardú na n-uaireanta páirtaimseartha ina scoil féin a cheadú. Ba chóir go mbainfeadh scoileanna leas as an eolas sin chun a gcuid uaireanta Oideachais Speisialta páirtaimseartha a chnuasach ina bpoist bhuana S.E.T. lánaimseartha le scoileanna comharsanacha.

Na scoileanna le comhardú uaireanta Oideachais Speisialta sa bhreis ar na poist iomlána, tá tréimhse go dtí **30 Márta 2017** chun glacadh le socrú cnuasaigh chun post buan lánaimseartha (25 uair) a ghnóthú trí shocruithe comhroinnte le scoil(eanna) comharsanach(a). Ba cheart don bhonnscoil sa chnuasach an Fhoirm S.E.T. Cnuasach2017 (Aguisín D) a thaisceadh leis an Rannóg Leithdháiltí Bunscoile (déan tagairt do Rannóg **Foirm Chomhlánaithe S.E.T.Chnuasach2017** thíos).

Nuair a bheidh an próiseas maidir le huaireanta S.E.T. a chnuasach críochnaithe, próiseas a bheidh faoi stiúir na scoileanna, cuirfear tús le próiseas cnuasaithe faoi stiúir na Roinne tar éis 30 Márta 2017 i ndáil le haon uaireanta atá fágtha i scoileanna nach bhfuil cnuasaithe.

Ní féidir fuílleach na n-uaireanta páirtaimseartha i scoil éigin nach bhfuil cnuasaithe ina bpoist lánaimseartha a líonadh ach i bhfeidhm shealadach.

Scoileanna cónasctha agus nuabhunaithe a bheidh ar oscailt don scoilbhliain 2017/18

Is í Rannóg N.C.S.E./Oideachais Speisialta na Roinne a ríomhfaidh leithdháileadh Oideachais Speisialta do na scoileanna nuabhunaithe nó nua-chónasctha sa scoilbhliain 2017/18.

Comhlánú Foirm S.E.T.Cnuasach2017

Caitheann na scoileanna fógra a thabhairt don Roinn ar Fhoirm S.E.T. Cnuasach2017 (**Aguisín D**) i leith a socruithe cnuasaithe dá leithdháileadh nua Oideachais Speisialta. Ba chóir foirmeacha comhlánaithe a sheoladh ar aoiso chuid Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne chomh luath agus is féidir ach faoi thráth nach déanaí ná deireadh an lae ghnó an **30 Márta 2017**.

Is go huathoibríoch a cheadóidh an Roinn uaireanta S.E.T. atá cnuasaithe ina bpoist bhuana lánaimseartha nua agus a bheidh faighte roimh an spriocdháta sin. I gcás scoileanna nach bhfuil an fhoirm chomhlánaithe seolta ar ais acu laistigh den tréimhse ama thuasluaite, nó sa chás nach bhfuil gach ceann de na huaireanta S.E.T. atá ag an scoil cnuasaithe ina bpoist lánaimseartha, cuirfear iad san áireamh, de réir mar is cuí, sa phróiseas cnuasaithe a bheidh faoi stiúir na Roinne.

Más gá, tapóidh an Roinn an deis chun dul i mbun próiseas cnuasaithe faoi stiúir na Roinne chun na huaireanta S.E.T. atá fágtha a chnuasach ar mhaithe le hath-imlonnú aon bhuanmhúinteoirí le cois atá fágtha a éascú.

Socraithe Cnuasaithe do phoist chomhroinnte S.E.T.

Meabhraítear do Scoileanna go bhfanfaidh cnuasach S.E.T. i bhfeidhm ach a mbíonn sé bunaithe nó go dtí an chéad athbhreithniú eile den leithdháileadh múinteoireachta Oideachais Speisialta ag an N.C.S.E.

Stádas na bPost S.E.T.

Is poist bhuana iad gach post S.E.T. lánaimseartha, idir cheann lánaimseartha i scoil amháin agus bonnphoist do chnuasaigh S.E.T., agus ba cheart iad a líonadh i gcomhréir leis na socruithe ath-imlonnaithe.

6. Leithdháiltí Breise do Scoileanna a bhfuil Líon Mór Daltaí óna dteastaíonn Tacaíocht Teanga (EAL) acu

Is sa tSamhail Leithdháilte Ghinearálta do bhunscoileanna, ón mbliain 2012/13 i leith, a fuarthas gné soláthair do gach scoil chun bheith in ann tacaíocht teagaisc bhreise a sholáthar do shaincheisteanna litearthachta ag éiri as an mBéarla mar éilimh Theanga Breise (EAL).

Is sa tsamhail leithdháilte Oideachais Speisialta nua a choinnítear agus a léirítear an soláthar sin, agus foráiltear léi go mbíonn bun-leithdháileadh ag gach scoil chun cúnamh le daltaí le deacrachtaí foghlamtha agus litearthachta, lena n-áirítear iad siúd ag éirí as an mBéarla mar éilimh Theanga Breise (EAL).

Tá tacaíocht breise ar fáil do scoileanna le comhchruinnithe daltaí óna dteastaíonn tacaíocht teanga acu.

Na scoileanna dár leithdháileadh buanpho(i)st tacaíochta teanga (EAL) sa scoilbhliain 2016/17; coinneoidh siad an post/na poist sin sa scoilbhliain 2017/18. Liostaítear na scoileanna ábhartha ag Aguisín C.

Déanfaidh an Roinn athbhreithniú rialta ar an riachtanas leanúnach a bhíonn ann leis an mbuanphost/na buanphoist tacaíochta teanga, agus aird á tabhairt ar threochtaí rollaithe agus ar an líon daltaí óna dteastaíonn tacaíocht teanga.

An Próiseas Achomhairc:

Féach Cuid 4 le haghaidh sonraí faoin gcritéar achomhairc atá ann maidir le po(i)st sealadach(a) breise tacaíochta teanga a sholáthraítear bunaithe ar achomhairc chuig an mBord Achomhairc um Sholáthar Foirne Bunscoile.

Cuid 2

Sonraí cúlra faoi na Socruithe Soláthar Foirne don scoilbhliain 2017/18

1. Socruithe Ath-imlonnaithe

Tugaidís na scoileanna faoi deara le linn an príomhphainéal a bheith i bhfeidhm, nach féidir buanfholúntais teagaisc ná folúntais teagaisc ar théarma seasta a líonadh ach amháin ón bpríomhphainéal ath-imlonnaithe iomchuí.

Níl cead ag Boird Bhainistíochta tús a chur le próiseas earcaíochta chun buanfholúntas teagaisc nó folúntas teagaisc ar théarma seasta a líonadh ar aon bhealach eile go dtí go mbeidh an Roinn sásta nach bhfuil aon phoist fholmha ag teastáil chun aon bhuanmhúinteoirí/ mhúinteoirí CID breise ar an bpríomhphainéal a ath-imlonnú.

Braithfidh uainiú líonadh na bhfolúntas teagaisc ar aon bhealach eile ar cé chomh tapa agus a ath-imlonnófar buanmhúinteoirí/múinteoirí le CID i bhfolúntais. Foilseoidh an Roinn nuashonruithe rialta painéil ar a láithreán gréasáin, rud a chuirfidh scoileanna agus múinteoirí ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar an bpróiseas ath-imlonnaithe buanmhúinteoirí/múinteoirí CID.

2. Feabhsaithe ar an bpróiseas le buanfholúntas a líonadh tríd an bPríomh-Phainéal Ath-imlonnaithe

Tar éis dul i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Oideachais faoi oibriú an Phríomh-Phainéil Ath-imlonnaithe sa scoilbhliain reatha, is amhlaidh a leanfaidh an beart seo a leanas ar aghaidh, arna fhorfheidhmiú don scoilbhliain 2016/17, amach sa scoilbhliain 2017/18:

Is féidir le scoileanna úsáid a bhaint anois as láithreán gréasáin, i.e. educationposts.ie nó staffroom.ie mar bhealach teagmhála leis an bPríomhphainéal Ath-imlonnaithe. Is féidir leis an scoil é seo a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an láithreán gréasáin le cuireadh a thabhairt do mhúinteoirí ar an bPríomh-Phainéal Ath-imlonnaithe iomchuí chun spéis a léiriú i mbuanphost. Féach an cháipéis CC maidir le Socruithe Ath-imlonnaithe do Bhuanmhúinteoirí Buana agus Múinteoirí le CID – C 6.3.2.

Is amhlaidh fós áfach go gcaithfear gach múinteoir ar an bpríomhphainéal a ath-imlonnú sula gceadaítear fuílleach na mbuanphost a líonadh ar aon bhealach eile nó chun folúntais mhúinteoireachta téarma seasta a líonadh.

3. CIDí faoi théarmaí Chiorcláin 0023/2015 (ionsáitear nasc)

(i) <u>Múinteoirí a fuair CID don scoilbhliain 2016/17</u>

Ní mór do scoil "Foirm Dhearbhaithe CID Márta 17" (Aguisín G) a chomhlánú agus a chur ar ais chuig An Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí an 30 Márta 2017 nó roimhe sin le haghaidh gach múinteoir le CID (a bronnadh faoi théarmaí Chuid A1 nó A2 de Chiorclán 0023/2015 don scoilbhliain 2016/17.

Ba chóir go dtabharfadh na scoileanna faoi deara go bhfanann an sealbhóir CID ina scoil féin chomh fada agus a bhíonn folúntas ann, bíodh sé buan nó ar théarma seasta a bhíonn ar fáil dó/di sa scoil.

Sa chás nach mbíonn post ar bith ar fáil, agus gurb é an sealbhóir CID an múinteoir breise buan/le CID is sóisearaí sa scoil, ba cheart go gcomhlíonfaí agus go seolfaí air ais Foirm Iarratais Phríomh-Phainéil chuig an Roinn.

(ii) <u>Múinteoirí a bhfuil CID le bronnadh orthú ó thosach feidhme na scoilbhliana 2017/18</u>

Ní mór do scoileanna iarratas a dhéanamh ar cheadú na Roinne do bhronnadh CID i ndáil le múinteoir a mheastar bheith incháilithe do bhronnadh CID leo sa chéad uair nó CID d'uaireanta breise ó thús na scoilbhliana 2017/18. Is i gCiorclán 0023/2015 na riachtanais incháilitheachta do CID.

Ba cheart go dtabharfadh na scoileanna faoi deara go mbíonn sé incheadaithe chun leas a bhaint as post buan a bhíonn ar fáil sa scoil don scoilbhliain 2017/18 mar an post inmharthana a theastaíonn don CID.

Is féidir iarratas a dhéanamh ar Fhoirm CIDApp(17.18)

Seoltar foirmeacha comhlánaithe chuig Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí na Roinne faoin 30 Márta 2017.

(iii) <u>Post mar mhúinteoir dár bronnadh CID páirtaimseartha roimh an scoilbhliain 2017/18</u>

- Má mhaireann an leithdháileadh páirtaimseartha sa scoil, agus más mian leis an múinteoir fanacht ar bhonn pháirtaimseartha, fanfaidh sé/sí sa phost páirtaimseartha
- Má mhaireann an leithdháileadh páirtaimseartha sa scoil, agus más mian leis an scoil an leithdháileadh páirtaimseartha sin a chomhcheangal chun post roinnte S.E.T. lánaimseartha a chruthú, agus an scoil sin mar an scoil bhunáite, féadfaidh an múinteoir CID an post roinnte lánaimseartha S.E.T. a ghlacadh.
- Mura bhfuil an leithdháileadh páirtaimseartha ag an scoil níos mó mar gheall ar an múnla nua Oideachais Speisialta, ach tá post lánaimseartha don mhúinteoir páirtaimseartha CID ar fáil ag an scoil, féadfaidh an múinteoir páirtaimseartha CID an post lánaimseartha sin a ghlacadh. Ba cheart do scoileanna tabhairt faoi deara go gcaithfidh an cháilíocht chuí don phost lánaimseartha a bheith ag an múinteoir páirtaimseartha CID.
- Mura bhfuil an leithdháileadh páirtaimseartha ag an scoil níos mó mar gheall ar an múnla nua Oideachais Speisialta, agus mura bhfuil post lánaimseartha don mhúinteoir páirtaimseartha CID ar fáil ina scoil féin, ba cheart don mhúinteoir

páirtaimseartha CID Foirm Iarratais don Phríomphainéil a chur isteach chuig an Roinn. Chomh luath agus a ghlactar leis an múinteoir páirtaimseartha CID ar an bPríomhphainéal, ath-imlonnófar é/í chuig folúntas lánaimseartha de réir na scocruithe ath-imlonnaithe a foilsíodh.

4. Post Formheasta Sealadach a Líonadh

Leithdháilfear poist do scoileanna ar bhonn sealadach, agus ní dheimhneofar iad don scoilbhliain 2017/18 go dtí go ndeimhneoidh an scoil go bhfuil an rollú réamh-mheasta don 30 Méan Fómhair 2017 bainte amach acu. Is iad na poist sin:

- post buan i scoil i mbéal forbartha
- post buan a formheasadh faoin gcritéar achomhairc um sholáthar foirne do scoileanna beaga
- post buan a formheasadh faoin gcritéar achomhairc um sholáthar foirne chun maolú a dhéanamh ar roinnt den bhrú ar mhéideanna ranga ag leibhéal naíonán do bhunscoileanna a chuireann go mór leis trí fhás déimeagrafach a ionsú
- post sealadach a formheasadh faoin gcritéar achomhairc um sholáthar foirne do thacaíocht EAL

Tabhair faoi deara mar athrú ar bhlianta roimhe, ní féidir na poist buan thuasluaite a líonadh ar bhonn buan ó 1 Meán Fómhair 2017 ach amháin sa chás go líonann buanmhúinteoir /múinteoir CID sa scoil atá i ndán ath-imlonnaithe tríd an bPríomhphainéal ach atá á choinneáil i gceann de na poist thuas. Is féidir buanmhúinteoir breise sa scoil roghnú chun a c(h)earta painéil a iarchur le post sealadach EAL a leithdháileadh ar an scoil ag an mBord Achomharc um Soláthar Foirne ag an mBunleibhéal a ghlacadh. Sa chás nach mbaintear mach an rollú a mbeidh gá, eis, cuirfear an múinteoir ar ais ar an bPríomhphainéal.

Níor cheart go líonfaí na poist sin ar bhonn buan ag múinteoirí ar an bPainéal Forlíontach mura bhfógraítear dóibh nach dteastaíonn an post d'ath-imlonnú múinteora bhuain/i seilbh CID.
Seachas sin ní bheidh cead ag scoileanna a thugtar faomhadh sealadach dóibh do ceann amháin de na poist mhúinteoireachta thuas na poist seo a líonadh ach amháin ar bhonn sealadach suas go dtí Dé hAoine 27 Deireadh Fómhair 2017.

Tabharfaidh an Roinn eolas don/do na scoil(eanna) lena mbaineann a luaithe is féidir i mí Dheireadh Fómhair an dteastaíonn an folúntas sin chun ath-imlonnú buanmhúinteora/múinteora CID breise a éascú. Má tá an post ag teastáil le haghaidh buanmhúinteoir/múinteoir CID breise a ath-imlonnú, ní mór scor den chonradh téarma sheasta an 27 Deireadh Fómhair 2017. Tá sé tábhachtach go léirítear na socruithe sin sa chonradh le haghaidh an phoist ar théarma seasta.

Mura bhfuil an post ag teastáil le haghaidh buanmhúinteora breise a ath-imlonnú, féadfar é a líonadh ag an bpointe sin mar seo a leanas:

- Nuair a fhanann múinteoirí ar an bPainéal Forlíontach laistigh de limistéar painéil na scoile, ní mór an t-oide a cheapadh ón bPainéal Forlíontach faoi gcéad lá oibre de mhí na Samhna.
- Nuair atá an Painéal Forlíontach laistigh de limistéar painéil na scoile folamh, tabharfar cead don scoil leanúint ar aghaidh chuig fógraíocht oscailte.

- Is é an dáta deiridh le buanphost a líonadh ar bhonn buan ná Dé Luain 6 Samhain 2017. Ina dhiaidh sin ní féidir post buan a líonadh ach ar bhonn téarma seasta amháin, ach amháin más buanmhúinteoir/múinteoir CID ón bPríomhphainéal an duine ceaptha.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir le scoileanna tús a chur leis an bpróiseas fógraíochta agus earcaíochta do na folúntais sin go dtí go mbeidh sé ceadaithe ag an Roinn sin a dhéanamh.

Ní bhaineann na socruithe sin le poist mar Phríomhoide, a leanfar á líonadh ar an ngnáthbhealach ar bhonn buan.

5. Rolluithe Bailí

Déantar an líon múinteoirí ranga príomhshrutha is cuí do scoil don scoilbhliain 2017/18 a chinneadh trí thagairt do rollú bailí na scoile an 30 Meán Fómhair 2016. Tá an sceideal rollaithe daltaí a theastaíonn do cheapadh agus do choinneáil múinteoirí ranga príomhshrutha don scoilbhliain 2017/18 faoi iamh in Aguisín A.

Ní féidir ach daltaí a iontráladh go **bailí** ar an rolla an 30 Meán Fómhair 2016 a chur san áireamh chun críche líon foirne a chinneadh. Chuige sin is amhlaidh a chaithfear cloí i dtéarmaí Chirocláin na Roinne 24/02 - Cinneadh Rollú Bailí i mBun- Scoileanna - agus 32/03 – Coinneáil Daltaí i mBunscoileanna. Meabhraítear do scoileanna nár chóir ligean do leanbh freastal ar bhunscoil ná bheith rollaithe i mbunscoil go dtí go mbainfidh sé/sí ceithre bliana amach.

Níor chóir daltaí a choinnítear ar an gclár scoile an 30 Meán Fómhair chun críche an tAcht Oideachais agus Leasa, 2000, a chomhlíonadh, a chomhaireamh le haghaidh rollú bailí d'fhonn an líon foirne a chinneadh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcuimsíonn rolluithe bailí ach na daltaí sin atá rollaithe an 30 Meán Fómhair agus a bhfuiltear ag súil leis ag an bpointe sin go mbeidh siad fós rollaithe sa scoil ar feadh na scoilbhliana. Má tá aon rolluithe gearrthéarmacha sa scoil (lena n-áirítear daltaí ó thír eile atá rollaithe go sealadach chun a gcaighdeán Béarla a fheabhsú nó nuair is eol go n-aistreoidh na daltaí chuig scoil eile tamall gairid tar éis 30 Meán Fómhair), ní féidir na daltaí sin a chur san áireamh sa tuairisc rollaithe ón scoil.

Meabhraíear do Bhoird Bhainistíochta agus do Phríomhoidí an tábhacht a bhaineann le beachtas tuairisceán rollaithe don Roinn a chinntiú. Tá freagracht orthu as an Roinn a chur ar an eolas láithreach faoi aon earráid nó aon mhírialtacht ina dtuairisceáin rollaithe. Is é gnáthbheartas na Roinne maidir le cásanna ina ndéantar rolluithe a rólua d'aonghnó ná iad a chur ar aghaidh chuig An Garda Síochána.

Cuid 3

Socruithe Ath-imlonnaithe don scoilbhliain 2017/18

Tá na socruithe ath-imlonnaithe mionsonraithe leagtha amach i bhformáid **Ceisteanna Coitianta** ar láithreán gréasáin na Roinne.

Áirítear leis na socruithe ath-imlonnaithe na nithe seo a leanas:

1. Próiseas ath-imlonnaithe do bhuanmhúinteoirí/do mhúinteoirí CID

(i) Cruthaítear gach príomhphainéal do mhúinteoirí breise buana/i seilbh CID chun a chinntiú go dtairgtear folúntais sa chéad dul síos leis na múinteoirí úd.

Tá sé beartaithe go bhfoilseofar na príomhphainéil faoi dheireadh mhí Aibreáin 2017. Is é an dáta is déanaí i lár mhí na Bealtaine 2017 faoina gcaitheann a bhfolúntais a bheith líonta ag scoileanna ón bpríomhphainéal, agus tabharfar comhairle chuige sin dóibh ag an tráth sin. Ina dhiaidh sin, ceapfar Oifigigh Phainéil chun ath-imlonnú aon bhuanmhúinteoirí/múinteoirí CID breise a éascú.

(ii) Ní mór folúntais teagaisc a thairiscint laistigh de thréimhse na Bealtaine 2017 do bhuanmhúinteoirí/do mhúinteoirí CID ar phríomhphainéal san ord tosaíochta seo a leanas:

a. Buanfholúntais laistigh de limistéar an phainéil (m.sh. deoise)

b. Folúntais sainchuspóra agus folúntais ar théarma seasta laistigh de limistéar an phainéil (m.sh. deoise) a mhaireann tréimhse na scoilbhliana iomláine nó a cheadaítear an chéad lá oibre de mhí na Samhna nó roimhe sin agus ar don tréimhse den scoilbhliain atá fágtha iad.
I gcásanna mar a ath-imlonnaíodh múinteoir chuig folúntas sealadach i scoil chomharsanach, agus go dtagann post buan aníos laistigh de limistéar painéil an mhúinteora ina dhiaidh sin, forchoimeádann an Roinn an ceart aici féin an múinteoir a ath-imlonnú sa phost buan.

(iii) Féadfaidh buanmhúinteoirí/múinteoirí CID brese a roghnú post a ghlacadh lasmuigh den gha 45 km agus féadfaidh sé sin cuidiú le laghdú a dhéanamh ar an ngá le feidhmiú na socruithe teagmhasacha atá leagtha amach ag Uimh. 2 agus ag Uimh. 3 thíos.

2. Ath-imlonnú idirdheoiseach

Sa chás nach ndéanann na socruithe atá leagtha amach ag Uimh. 1 thuas ath-imlonnú ar na buanmhúinteoirí/na múinteoirí CID breis uile ar phainéal deoise, ní mór na poist uile a fhanann folamh i scoileanna i ndeoisí tadhlacha a bheith ar fáil do na múinteoirí sin,

agus tá líonadh an phoist/na bpost sin le baint amach trí chomhoibriú idirdheoiseach arbhonn téarma seasta.

3. Socruithe ath-imlonnaithe d'aon bhuanmhúinteoirí/ mhúinteoirí CID breise atá fágtha

Más rud é, i ndiaidh na bpróiseas atá leagtha amach faoi phointe 1 faoi phointe 2 thuas, go bhfuil aon bhuanmhúinteoirí/mhúinteoirí CID le cois fágtha, beidh gá le socruithe breise chun a n-ath-imlonnú i bhfolúntais i scoileanna a éascú.

Ní úsáidfear na socruithe breise sin ach amháin sna cásanna sin nach bhfuil aon rogha inmharthana eile ann d'ath-imlonnú na mbuanmhúinteoirí/na múinteoirí CID le cois atá fágtha. Cinnfear na socruithe beachta atá le húsáid ar bhonn cáis ach dul i mbun plé leis na comhpháirtithe oideachais cuí agus leis an bPátrún ábhartha. Úsáidfear na prionsabail seo a leanas d'fheidhmiú na socruithe sin:

(i) Ar an gcéad dul síos, scrúdófar an staid maidir le cé acu is féidir nó nach féidir solúbthacht ar bith i gComhaontú Bhóthar Haddington 2014-2016 maidir leis an nga 45km d'ath-imlonnú a chur i bhfeidhm go cuí chun ath-imlonnú an bhuanmhúinteora/an mhúinteora CID breise a bhaint amach chuig scoil den chineál céanna pátrúnachta.

(ii) Ar an dara dul síos, scrúdófar an scóp le hath-imlonnú an bhuanmhúinteora /an mhúinteora CID le cois a bhaint amach ar bhonn roghnach trí iarratas á dhéanamh ag an múinteoir le bheith curtha ar phainéal de phátrúnacht éagsúil. Fágfar é faoin bpátrún ábhartha cead a thabhairt don iarratas sin.

(iii) Mura bhfuil aon rogha inmharthana eile ar fáil ansin, déanfar sannadh sealadach chuig folúntas i scoil de chineál éagsúil pátrúnachta. Mairfidh an sannadh sealadach seo ar feadh na scoilbhliana ábhartha. Coinneoidh aon mhúinteoir ar shannadh sealadach ar an mbealach sin na cearta painéil atá aige/aici cheana don phainéal ath-imlonnaithe ábhartha dá scoil bhunáite. Ní bhfaighidh múinteoirí dá leithéid cearta painéil i leith an phainéil ath-imlonnaithe a bhaineann leis an scoil ina bhfuil an sannadh sealadach. Beidh ar na múinteoirí sin cloí le riachtanais an Bhoird Bhainistíochta maidir leis an dualgas atá air éiteas na scoile a choinneáil, comhsheasmhach leis an dlí.

Is é an cur chuige a bheidh ag an Roinn maidir le feidhmiú na socruithe fágtha atá leagtha amach ná comhaontú a lorg d'aonghuth. Chuige sin, beidh comhairliúchán leanúnach ar siúl leis na geallsealbhóirí cuí maidir le feidhmiú an phróisis ath-imlonnaithe.

Cuid 4

An Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal

1. Socruithe don scoilbhliain 2017/18

Déanfaidh an Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal, a fheidhmíonn neamhspleách ón Aire agus ón Roinn, achomhairc don scoilbhliain 2017/18 a athbhreithniú. Tá na critéir achomhairc leagtha amach faoi phointe 4 thíos.

An chéad chruinniú de Bhord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal chun dul i ngleic leis an scoilbhliain 2017/18; reáchtálfar i mí Aibreáin na bliana 2017 é. Tionólfar cruinnithe eile i mí na Bealtaine agus i mí Dheireadh Fómhair 2017.

Is é **30 Márta 2017** an spriocdháta d'achomhairc sholáthar foirne a chur isteach don chéad chruinniú de chuid an Bhoird Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal.

Postálfar na dátaí deiridh le haghaidh achomhairc sholáthar foirne a chur isteach agus dátaí do chruinnithe amach anseo ar shuíomh Gréasáin na Roinne in am trátha.

Tabhair faoi deara go gcloífear go docht le spriocdhátaí, agus dá réir sin, ní bhreithneoidh an Bord ag an gcruinniú sin achomhairc a fhaightear tar éis spriocdháta ar leith.

Ní mór achomhairc a chur chuig an Rannóg Leithdháiltí Bunmhúinteoirí, an Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach, lena luaitear go soiléir an critéar faoina bhfuil an t-achomharc á dhéanamh. Cuir "Achomhairc Sholáthar Foirne" ar an gclúdach.

Tá an fhoirm iarratais chaighdeánach ar fáil in **Aguisín F**.

Cuirfear stádas DEIS na scoile san áireamh in aon iarratas achomhairc.

2. Ombudsman

I bhfianaise na leasuithe ar an Acht Ombudsman 2012, aon scoil a mheasann nár chuir an Bord Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal na critéir achomhairc i bhfeidhm go cóir san achomharc, féadfaidh sí gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman.

Is é ról an Ombudsman i ndáil le hachomharc ar bith ná athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu a dhéileáil nó nár dhéileáil an Bord Achomhairc leis go cóir agus de réir na gcritéar achomhairc. Ní áit é do scoileanna le breis acmhainní a lorg, mar sin.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman ag www.ombudsman.gov.ie

3. Ní cheadaítear do Bhord Bainistíochta ach achomharc amháin a dhéanamh i gcás ar leith

Measfar gur cinneadh deiridh é breithiúnas an Bhoird Achomhairc maidir leis an bpost (na poist) agus ní bhreithneofar aon iarratais bhreise chuig an mBord Achomhairc i dtaca leis an scoilbhliain 2017/18 **ach sa chás gur tháinig athrú ar chúinsí na scoile, m.sh. rolluithe breise.**

4. Critéir Achomharc

Féadfaidh an Bord Achomhairc a chinneadh go bhfuil sé riachtanach imeacht ón sceideal soláthar foirne sna cúinsí a bhfuil cur síos orthu i bpointí (a) go (g) thíos:

a) Deacracht cóiríochta eisceachtúil

Sa chás go mbíonn údar le himeacht ón sceideal soláthar foirne chun deacrachtaí cóiríochta eisceachtúla a shásamh. Ní mór don scoil a léiriú chun sástacht an Bhoird an fáth go bhfuil post múinteoireachta breise ag teastáil chun freastal ar an deacracht cóiríochta eisceachtúil.

b) Rollú Dheireadh Fómhair 2016

Sa chás go bhfuil an Bord Achomhairc sásta, ar bhonn fianaise infhíoraithe, go raibh an líon riachtanach daltaí rollaithe i mí Mheán Fómhair* nó i mí Dheireadh Fómhair 2016, ach de bharr cúinsí nach raibh neart ag an scoil orthu, ní raibh siad cláraithe an 30 Meán Fómhair 2016. Mar sin féin, chun críocha soláthar foirne, ní féidir dalta a bheith san áireamh ach i rollú scoile amháin in aon scoilbhliain amháin**.

*Ní bheidh dalta a fhágann an scoil roimh an 30 Meán Fómhair agus nach bhfilleann ar an scoil sa scoilbhliain incháilithe lena bhreithniú faoin gcritéar sin.

** Sa chás gur féidir leis an scoil ina raibh an dalta rollaithe an 30 Meán Fómhair a fhíorú nár ghá an dalta a chomhaireamh i leith múinteoir a cheapadh nó a choinneáil sa scoil sin, breithneoidh an Bord Achomhairc cead a thabhairt chun an dalta a chomhaireamh mar chuid den rollú chun críocha soláthar foirne sa scoil ar aistrigh sé/sí chuici.

c) Post Forbraíochta atá bunaithe ar rolluithe breise tar éis an 30 Meán Fómhair 2017

Ní bhaineann an critéar seo ach leis na scoileanna sin a fuair ceadú sealadach do pho(i)st forbraíochta, nár shroich dóthain rolluithe an 30 Meán Fómhair 2017 chun an post a choinneáil. Ó tharla go mbaineann an critéar sin le fíorú ar rollú iarbhír an 30 Meán Fómhair 2017, ní féidir leis an mBord Achomhairc achomhairc faoin gcritéar sin a bhreithniú ach amháin ag cruinniú an Bhoird Achomhairc do mhí Dheireadh Fómhair.

Nuair a mheasann an Bord, maidir le bronnadh poist faoi na critéir scoile i mbéal forbartha, go raibh an líon daltaí réamh-mheasta a theastaigh leis an bpost a choinneáil rollaithe nó ar dhócha go mbeidh siad rollaithe faoin lá deiridh den téarma i mí na Nollag 2017, ach de bharr cúinsí nach raibh neart ag an scoil orthu, nár rolladh iad mar a rabhthas ag súil leis an 30 Meán Fómhair 2017. Na foirmeacha rollaithe/litreacha ó thuismitheoirí **ag deimhniú an dáta do rollú ionchasach na ndaltaí;** caithfear iad a sholáthar leis an achomharc.

Ceadófar post arna leithdháileadh ag an mBord Achomhairc faoin gcritéar seo ar bhonn sealadach faoi réir ag dearbhú go bhfuil an rollú riachtanach a bheith bainte amach faoin lá deiridh den téarma i mí na Nollag 2017. Mar atá le Critéar B, ní féidir dalta a bheith san áireamh ach i rollú scoile amháin in aon scoilbhliain amháin

Sa chás gur féidir leis an scoil ina raibh an dalta rollaithe an 30 Meán Fómhair 2017 a fhíorú nár ghá don dalta a chomhaireamh i leith múinteoir a cheapadh nó a choinneáil sa scoil sin, breithneoidh an Bord Achomhairc cead a thabhairt don dalta a chomhaireamh mar chuid den rollú chun críoch soláthar foirne sa scoil ar aistrigh sé/sí chuici. **Sa chás nach raibh an dalta/na daltaí rollaithe i scoil éigin in Éirinn an 30 Meán Fómhair 2017, is amhlaidh a chaithfear litir ó na tuismitheoir ag deimhniú é sin a sholáthar leis an achomharc.**

d) Tacaíocht EAL

Sa chás go bhfuil 20% ar a laghad de rollú iomlán na scoile comhdhéanta de dhaltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL (Béarla mar theanga bhreise) uathu (daltaí a bhfuil níos lú ná inniúlacht B1 (Leibhéal 3) acu), féadfaidh an Bord Bainistíochta achomharc a dhéanamh le hathbhreithniú ar an leithdháileadh atá beartaithe do dhaltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu.

Agus machnamh déanta aige ar na cúinsí atá leagtha amach ag an scoil, agus ag féachaint don líon ard daltaí a dteastaíonn tacaíocht EAL uathu, féadfar post breise nó poist bhreise a cheadú chun tacú le riachtanais oideachasúla daltaí dá leithéid. Agus leibhéal na tacaíocht EAL á bhreithniú sa scoil, breithneoidh an Bord Achomharc na daltaí sa scoil le níos lú ná cumas B1 (Leibhéal 3) agus a fuair ní ba lú ná 3 bliana de thacaíocht EAL.

Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara go mbeidh cinntí a dhéanann an Bord bunaithe ar rolluithe réamh-mheasta daltaí EAL faoi réir athbhreithniú tar éis rollaithe an 30 Meán Fómhair 2017. Féadfar an cinneadh sin a leasú sa chás nach dtiocfaidh na rolluithe réamh-mheasta aníos.

Féadann scoileanna a chomhroinneann an t-aon champas amháin comhiarratas a dhéanamh chuig an mBord Achomhairc ar phost EAL bunaithe ar an rollú comhcheangailte daltaí EAL sa dá scoil.

e) Scoileanna beaga

Mar chuid de na bearta i gCáinaisnéis 2012, rinneadh méadú ar na tairseacha daltaí i scoileanna beaga. Is leis na scoileanna sin a bhaineann an critéar achomhairc seo agus is féidir le scoil achomharc a dhéanamh sna cúinsí seo a leanas:

1. Sa chás go ndéanann scoil a bhfuil ceathrar múinteoirí ranga nó níos lú aici agus a bhfuil post ranga á **chailleadh** aici don scoilbhliain 2017/18 fianaise a dtacaítear léi a thabhairt go dtiocfaidh méadú leordhóthanach ar rollú na scoile faoi 30 Meán Fómhair 2017 ar mhaithe leis an bpost a choinneáil don scoilbhliain ina dhiaidh sin (i.e. an scoilbhliain 2018/19), féadfaidh an Bord Achomhairc cead a thabhairt don scoil an post ranga príomshrutha (MCT) a choinneáil.
   - Bíonn feidhm le tairseach 18 dalta do choinneáil an 2ú MCT reatha (i.e. P + 1).
   - Beidh feidhm le tairseach 52 dalta do choinneáil an 3ú MCT reatha (i.e. P+2).
   - Beidh feidhm le tairseach 82 dalta do choinneáil an 4ú MCT reatha (i.e. P + 3).
   - Beidh feidhm le tairseach 15 dalta do choinneáil an 2ú MCT reatha (i.e. P + 1) do scoileanna atá suite 8km nó níos mó ón scoil is cóngaraí leis an bpátrúnacht/teanga teagaisc chéanna.
   - Bíonn feidhm le tairseach 15 dalta do choinneáil an 2ú MCT reatha (i.e. P + 1) mar a mbeidh ar a laghad 6 ghrúpáil ranga á dteagasc sa scoil sa scoilbhliain 2017/18.

Nó

2. Sa chás nach bhfuil scoil a bhfuil triúr múinteoirí ranga nó níos lú ag fáil poist seomra ranga príomhshrutha don scoilbhliain 2017/18 ach is féidir fianaise a thabhairt go méadófar an rollú a dhóthain faoi 30 Meán Fómhair 2017 chun is go ngnóthóidh sí post seomra ranga breise don scoilbhliain ina dhiaidh sin (i.e. an scoilbhliain 2018/19), ag glacadh leis nach dtagann aon athrú ar an sceideal soláthar foirne, féadfaidh an Bord Achomhairc post breise a cheadú don scoil don scoilbhliain 2017/18.

   - Bíonn feidhm le tairseach 19 dalta do cheapadh an 2ú MCT (i.e. P+1).
   - Bíonn feidhm le tairseach 55 dalta do cheapadh an 3ú MCT (i.e. P+2).
   - Bíonn feidhm le tairseach 85 dalta do cheapadh an 4ú MCT (i.e. P+3).
   - Bíonn feidhm le tairseach 15 dalta do cheapadh an 2ú MCT (i.e. P+1) do scoileanna atá suite 8km nó níos mó ón scoil is cóngaraí leis an bpátrúnacht/teanga teagaisc chéanna.
   - Bíonn feidhm le tairseach 15 dalta do choinneáil an 2ú MCT reatha (i.e. P + 1) mar a mbeidh ar a laghad 6 ghrúpáil ranga á dteagasc sa scoil sa scoilbhliain 2017/18.

Rachaidh an Roinn i dteagmháil leis na scoileanna úd dár leithdháileadh post achomhairc de réir chritéir na Scoileanna Beaga sa chéad seachtain de Mheán Fómhair chun rolluithe a dheimhniú ag an tráth úd.

f) Scoil atá ag cailleadh 3 phost nó níos mó

Má bhíonn scoil éigin ag cailleadh 3 phost bhuana nó níos mó, is féidir iarratas a dhéanamh leis an mBord Achomhairc Soláthar Foirne sa tsúil chun iarracht a dhéanamh cuid den chaillteanas i bpoist a iarchur go dtí an scoilbhliain 2018/19 ar an mbunús go bhfuil fíor-dhrochthionchar á imirt aige ar leithdháileadh iomlán scoile.

g) maolú a dhéanamh ar roinnt den bhrú ar mhéideanna ranga ag leibhéal naíonán do scoileanna a chuireann go mór leis trí fhás déimeagrafach a ionsú

Tá na critéir achomhairc seo dírithe ar scoileanna nach bhfuil post teagaisc breise á fháil acu faoi na critéir do scoileanna i mbéal forbartha ach, mar sin féin, a chuireann go mór le soláthar na n-áiteanna scoile, rud a chuidíonn leis an bhfreagairt d'fhás déimeagrafach laistigh dá limistéar agus, mar thoradh air sin, atá faoi bhrú suntasach ar mhéid a ranganna ag leibhéal naíonán. Eochairtháscaire maidir leis na scoileanna sin is ea méadú suntasach ar rollú naíonán sóisearach.

Samhlaítear go mbeidh na scoileanna sin, de ghnáth, lonnaithe i limistéir ina bhfuil fás daonra suntasach. Sa chás go bhfuil scoil ag méadú líon na ranganna iontrála atá aici – rud a ghinfeadh sruth nua – ba chóir don scoil a thabhairt faoi deara nach mór di cead don mhéadú sin a fháil roimh ré ó Phátrún na Scoile agus ó Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne.

Is féidir le scoileanna a chomhlíonann na ceithre chritéar atá sa liosta thíos achomharc a chur faoi bhráid an Bhoird Achomhairc le haghaidh post teagaisc bhreise don scoilbhliain 2017/18.

Is iad seo a leanas na ceithre chritéar a cheadóidh achomharc a chur isteach:

1. Tá an scoil ag réamh-mheas, ar bhonn réalaíoch, go mbeidh méadú ar a rolluithe foriomlána don 30 Meán Fómhair 2017 agus tá leibhéal an mhéadaithe atá réamh-mheasta:

    a) <u>leordhóthanach</u> don scoil le post teagaisc bhreise a fháil don scoilbhliain 2018/19 (ag glacadh leis nach dtagann aon athrú ar an sceideal soláthar foirne)
    b) <u>neamhdhóthanach</u> don scoil le post teagaisc bhreise a fháil don scoilbhliain 2017/18 faoi na Critéir do Scoil i mBéal Forbartha

2. Bhí méadú ag an scoil ar a rolluithe foriomlána i ngach ceann den 2 scoilbhliain is déanaí (2016/17 agus 2015/16)

3. Tá an líon naíonán sóisearach rollaithe sa scoil ag méadú gach bliain agus rollaigh sí 30 naíonán sóisearach ar a laghad an 30 Meán Fómhair 2015.

4. Mar thoradh ar rollú méadaitheach na naíonán sóisearach, tá brú suntasach ar an scoil maidir le méideanna ranga ag leibhéal naíonán (naíonáin sóisearacha agus/nó naíonáin sinsearacha).

Déanfar gach iarratas chuig an mBord Achomhairc a mheas ar a fhiúntas. Déanfaidh an Bord Achomhairc measúnú an bhfuil an scoil, ina thuairim féin, ag baint úsáide as a múinteoirí seomra ranga príomhshrutha uile ar bhealach cuí. Tabharfaidh an Bord Achomhairc tús áite do na scoileanna sin atá, ina thuairim féin, faoin mbrú is mó maidir le méid a ranganna ag leibhéal naíonán mar thoradh ar líon méadaitheach na naíonán sóisearach ar a rolla. Déanfar post ar bith a dheonaíonn an Bord Achomhairc a leithdháileadh ar bhonn sealadach go dtí go ndeimhnítear rolluithe iarbhír an 30 Meán Fómhair 2017.

Rachaidh an Roinn i dteagmháil leis na scoileanna úd dár leithdháileadh post achomhairc de réir chritéir Mhéideanna na Ranganna Naíonán sa chéad seachtain de Mheán Fómhair chun rolluithe a dheimhniú ag an tráth úd.

5. Beachtas na Faisnéise Rollaithe arna Cur faoi Bhráid an Bhoird Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal mar Chuid d'Achomhairc

Meabhraítear do Bhoird Bhainistíochta agus do Phríomhoidí an tábhacht a bhaineann le cinntiú chruinneas na faisnéise rollaithe a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Achomhairc um Sholáthar Foirne ag an mBunleibhéal. Is é gnáthpholasaí na Roinne maidir le cásanna ina ndéantar rolluithe a rólua d'aonghnó chun críocha aon acmhainní breise a fháil ón Roinn ná na cásanna sin a chur ar aghaidh chuig an nGarda Síochána.